# Seicliosta don Churriculum Vitae

Déan cinnte gur féidir leat tic a chur le gach ráiteas sula dtugann tú suas do CV lena cheartú. Mura féidir tic a chur le ráiteas ar bith, déan na hathruithe riachtanacha.

- An bhfuil do CV cruthaithe le próiseálaí focal?
- Ar bhain tú úsáid as an gcló céanna tríd an CV ar fad?
- An bhfuil aon earráidí litrithe agus gramadaí ceartaithe agat?
- An luíonn do CV ar dhá leathanach A4?
- An bhfuil leagan amach agus cur i láthair do CV seiceáilte agat?
- Ar bhain tú úsáid chomhsheasmhach as ceannlitreacha, béim, poncaíocht, tábla, trom agus iodálacha?
- An bhfuil ceithre mhír ar do CV faoi “Sonraí Pearsanta”?
- Ar luaigh tú ar a laghad dhá scil agus dhá cháilíocht i ráiteas scríofa?
- Ar chuir tú do cháilíochtaí oideachais san áireamh?
- An bhfuil do Cháilíochtaí Oideachais in ord croineolaíoch droim ar ais, i.e. na cinn is déanaí ar dtús?
- Ar chuir tú ainm agus seoladh iomlán gach scoile ar fhreastail tú san áireamh?
- Maidir leis an Sraith Shóisearach, ar luaigh tú: bliain an scrúdaithe, na hábhair, na leibhéil agus na gráid a fuair tú?
- Don Ardteistiméireacht, ar luaigh tú: bliain an scrúdaithe, na hábhair agus na leibhéil atá á ndéanamh agat?
- Ar chuir tú Nascmhodúil (ní LCVP/GCAT) san áireamh mar ábhar Ardteistiméireachta?
- Faoin gceannteideal Taithí Oibre, an bhfuil: dáta na taithí oibre, ainm agus seoladh an fhostóra agus na dualgais a rinne tú curtha san áireamh?
- An bhfuil do chuid éachtaí, caitheamh aimsire agus spéiseanna liostaithe agat, ag tabhairt ar a laghad dhá cheann de gach ceann acu?
- Ar thug tú ainmneacha beirt mholtóirí?
- Ar luaigh tú teideal poist gach moltóra?
- Ar luaigh tú ainm, seoladh agus uimhir theileafóin na heagraíochta do gach moltóir?
- An bhfuil do CV nuashonraithe agat má tá tamall ó d'ullmhaigh tú é den chéad uair?

Déan do CV a phrofáil arís sula gcuimsítear i d'fhillteán é. Déan aon cheartúcháin is gá. Ná déan dearmad do CV is fearr a chur isteach le haghaidh measúnaithe.